**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Buiséid*

**2022/0219(COD)**

28.3.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Buiséid

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear tionscal cosanta na hEorpa
Atreisiú trí ghníomh coiteann soláthair
(COM(2022)0349 – C9-0287/2022 – 2022/0219(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Karlo Ressler

PA_Legam

## RÉASÚNÚ GEARR

Tá an staid gheopholaitiúil san Eoraip athraithe go mór mar gheall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin. Tar éis don chogadh filleadh ar ithir na hEorpa, d'fhógair Ballstáit an Aontais méaduithe suntasacha ar a mbuiséid chosanta.

Ós rud é gur gá tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit, go tráthúil agus ar bhealach spriocdhírithe, chun a n-acmhainneacht chosanta a atreisiú sa chomhthéacs éigeandála seo, mhol an Coimisiún Eorpach an soláthar comhoibríoch a dhreasú trí bhuiséad an Aontais trí Ionstraim Gearrthéarmach thiomnaithe lena mbunófar an Gníomh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar Comhoibríoch (an 'Ionstraim'). Leis an tacaíocht airgeadais ón Aontas a thabharfar tríd an Ionstraim, ba cheart próiseas comhoibríoch soláthair cosanta ó na Ballstáit a spreagadh agus ba cheart í a bheith chun sochair do Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) agus, an tráth céanna, cumas fhórsaí armtha Bhallstáit an Aontais gníomhú, slándáil an tsoláthair agus idir-inoibritheacht mhéadaithe a áirithiú.

Fáiltíonn an Rapóirtéir roimh aidhmeanna lárnacha an togra ós rud é go measann sé gur féidir le comhar na mBallstát i réimse na Cosanta feabhas a chur ar chumais chosanta AE agus ar athléimneacht in aghaidh suaití tobanna. Trí na Ballstáit a dhreasú trí bhuiséad AE, is féidir rannchuidiú le cur chuige comhleanúnach a fhorbairt i mbeartas cosanta agus rannpháirtíocht na Parlaiminte a áirithiú.

Dírítear sa dréacht-tuairim seo ar na réimsí sin inar féidir leis an gCoiste um Buiséid breisluach a chur leo, dá bhrí sin, go háirithe maidir leis na forálacha airgeadais, agus forálacha a bhaineann le héifeachtacht bhuiséadach i gcur chun feidhme na hIonstraime.

### Impleachtaí do bhuiséad AE;

Tá sé beartaithe gurb é **EUR 500 milliún** an t-imchlúdach airgeadais a bheidh ann chun an Ionstraim a chur chun feidhme don tréimhse ó 2022 go 2024. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an corrlach iomlán neamh-leithdháilte ó Cheannteideal 5 (Slándáil agus Cosaint) a úsáid, agus leas a bhaint as an Ionstraim Sholúbthachta don mhéid atá fágtha. Ós rud é nach bhféadfaí an gníomh dlíthiúil a ghlacadh roimh dheireadh 2022, aistreofar na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a bhí beartaithe ar dtús in 2022 go 2024[1] chun seasamh leis an méid iomlán EUR 500 milliún.

Is geal leis an Rapóirtéir go bhfuil an Ionstraim bhreise sin á maoiniú ó acmhainní úra, gan an bonn a bhaint ó na cláir atá ann cheana. Aithníonn an Rapóirtéir go bhfuil an méid teoranta i gcomparáid leis na buiséid chosanta i mBallstáit éagsúla, ach measann sé gur túsphointe maith é i dtreo beartas cosanta AE níos comhtháite.

Is oth leis an Rapóirtéir easpa solúbthachta na huasteorann faoi CAI 2021-2027, ós rud é nach bhfágfadh glacadh an togra reatha aon acmhainneacht chun freagairt do riachtanais atá ag teacht chun cinn i réimse chosaint AE in 2023 agus 20242.

### Tuilleadh tionchair ar CAI 2021-2027

Le coinbhleacht chríochach agus cogadh ard-déine ar siúl ar chríoch na hEorpa an athuair, ní mór do na Ballstáit athmhachnamh a dhéanamh ar a gcuid pleananna agus acmhainneachtaí cosanta san

[1] Baineann an t-athrú sin le EUR 82 972 301 agus léireofar é sa Nuashonrú Teicniúil ar Chlársceidealú Airgeadais atá le heisiúint ag an gCoimisiún i mí Feabhra 2023

[2] Tar éis an togra ón gCoimisiún a ghlacadh, bheadh an corrlach faoi Cheannteideal 5 ídithe go hiomlán go dtí 2025 agus bheadh sé teoranta go dtí deireadh an CAI reatha.

fhadtéarma. Sa chomhthéacs sin, tar éis cruthú na hIonstraime thuas, molfaidh an Coimisiún rialachán maidir le Clár Eorpach Infheistíochta um Chosaint (EDIP)[3]. D'fhéadfadh rialachán EDIP a bheith ina dhlúthchuid de thionscadail chomhpháirteacha forbartha agus soláthair a bheidh ann amach anseo a mbeadh leas coiteann ag baint leo ó thaobh shlándáil na mBallstát agus an Aontais, agus tríd an loighic a bhaineann leis an ionstraim ghearrthéarma a leathnú, d'idirghabháil airgeadais ghaolmhar de chuid an Aontais a d'fhéadfadh a bheith ann chun bonn tionsclaíoch cosanta na hEorpa a threisiú, go háirithe i gcás tionscadail nach bhféadfadh aon Bhallstát aonair iad a fhorbairt ná a sholáthar ina aonar.

Measann an Rapóirtéir gur deis é sin chun éifeachtacht níos fearr a bhaint amach trí acmhainní na mBallstát a tharraingt agus trí na leithreasuithe comhfhreagracha a úsáid ar an leibhéal Eorpach; mar thoradh air sin, léireofaí breisluach Eorpach agus cheadófaí teorannú ar ualach foriomlán an chaiteachais phoiblí in AE. Athdhearbhaíonn an Rapóirtéir a thacaíocht chun Aontas Eorpach um Chosaint a chruthú, a bhfuil sé mar chuspóir aige an Ciste Eorpach Cosanta a chomhlánú le clár forbartha tionscal ina n-infheistíonn na Ballstáit go comhpháirteach, chun dúbailt a dhíothú agus chun méadú ar neamhspleáchas straitéiseach agus éifeachtúlacht thionscal cosanta na hEorpa;

Meabhraíonn an Rapóirtéir, áfach, nach féidir leis an Aontas a bheith níos láidre agus níos uaillmhianaí ach amháin má chuirtear acmhainní breise ar fáil. I bhfianaise na dteorainneacha atá ann faoi láthair in uasteorainneacha CAI 2021-2027, agus go háirithe i gCeannteideal 5, níl aon solúbthacht ann chun foráil a dhéanamh maidir leis an gcaiteachas is gá chun comhar cosanta agus infheistíocht a fheabhsú.

Dá bhrí sin, meabhraíonn an Rapóirtéir seasamh[4] na Parlaiminte ina n-iarrtar go méadófaí uasteorainn Cheannteideal 5 agus go ndéanfaí athbhreithniú tapa ar CAI chun ionstraimí cosanta AE a mhéadú amhail an Ciste Eorpach Cosanta, soghluaisteacht mhíleata agus sásraí soláthair chomhpháirtigh amach anseo le haghaidh chosaint AE, ar choinníoll go dtreiseoidh siad Bonn Teicneolaíoch agus Tionsclaíoch Cosanta AE agus go n-áiritheofar breisluach Eorpach leo. Go háirithe, ba cheart EDIP a chur san áireamh san athbhreithniú meántéarma ar CAI, d'fhonn cobhsaíocht, comhleanúnachas, uaillmhian agus maoiniú fadtéarmach bheartas cosanta AE a áirithiú.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Buiséid ar an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh mar na coistí atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Beidh an ionstraim nua sin ina | (5) Beidh an ionstraim nua sin ina |

[3] Liostaítear EDIP mar mhír fhéideartha ar chlár oibre an Choláiste an 21 Meitheamh 2023.
[4] 2022/2046 (INI): Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 a mhéadú: buiséad athléimneach de chuid an Aontais a bheidh oiriúnach do dhúshláin nua

| | |
|---|---|
| rannchuidiú leis an soláthar comhoibríoch cosanta a ***atreisiú*** agus, trí mhaoiniú comhlachaithe an Aontais, le cumais thionsclaíocha chosanta an Aontais a ***neartú***. | rannchuidiú leis an soláthar comhoibríoch cosanta a ***atreisiú*** agus, trí mhaoiniú comhlachaithe an Aontais, le cumais thionsclaíocha chosanta an Aontais ***a neartú, comhar in oibríochtaí soláthair agus chun cuspóirí an Aontais maidir le huathriail straitéiseach a bhaint amach. Chun comhleanúnachas na hIonstraime le gnéithe eile de bheartas cosanta na hEorpa a áirithiú, amhail an Ciste Eorpach Cosanta, ba cheart imchlúdach airgeadais na hIonstraime a tharraingt ó na corrlaigh neamh-leithdháilte faoi uasteorainneacha CAI agus ba cheart é a shlógadh trí ionstraimí speisialta CAI neamhthéamacha, agus ar an gcaoi sin aon chiorruithe ar chláir eile de chuid an Aontais a sheachaint.*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) I gcomhthéacs an mhargaidh cosanta atá ann faoi láthair, lena mbaineann bagairt mhéadaithe slándála agus an fhéidearthacht réalaíoch go mbeidh coinbhleacht ard-déine ann, tá na Ballstáit ag méadú go tapa a mbuiséad cosanta agus tá siad ag díriú ar cheannacháin chomhchosúla. Mar thoradh air sin, tá méid éilimh ann is mó ná acmhainneachtaí monaraíochta Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí, acmhainneachtaí atá curtha in oiriúint faoi láthair d’aimsir na síochána. | (7) I gcomhthéacs an mhargaidh cosanta atá ann faoi láthair, lena mbaineann bagairt mhéadaithe slándála agus an fhéidearthacht réalaíoch go mbeidh coinbhleacht ard-déine ann, tá na Ballstáit ag méadú go tapa a mbuiséad cosanta agus tá siad ag díriú ar cheannacháin chomhchosúla. Mar thoradh air sin, tá méid éilimh ann is mó ná acmhainneachtaí monaraíochta Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí, acmhainneachtaí atá curtha in oiriúint faoi láthair d’aimsir na síochána. ***D’fhéadfadh an easpa comhordaithe agus comhair maidir le soláthar a chur leis na méaduithe ar phraghsanna, rud a d’fhéadfadh a bheith d’éifeacht nach mbeadh cumais mhíleata níos láidre mar thoradh ar na buiséid náisiúnta cosanta a mhéadú.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Thairis sin, ba cheart iarrachtaí a dhéanamh ionas go dtiocfaidh Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch Cosanta Eorpaí atá níos láidre as an gcaiteachas méadaithe. Go deimhin, gan comhordú ná comhar, is dócha go gcuirfí le hilroinnt thionscal cosanta na hEorpa de bharr na n-infheistíochtaí náisiúnta méadaithe. | (9) Thairis sin, ba cheart iarrachtaí a dhéanamh ionas go dtiocfaidh Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch Cosanta Eorpaí atá níos láidre, ***níos comhordaithe agus níos idir-inoibritheacha*** as an gcaiteachas méadaithe. Go deimhin, gan comhordú ná comhar, is dócha go gcuirfí le hilroinnt thionscal cosanta na hEorpa de bharr na n-infheistíochtaí náisiúnta méadaithe ***a d'fhágfadh an tAontas gan chosaint a thuilleadh ar spleáchais sheachtracha.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11a) Thairis sin, ba cheart infheistíochtaí comhchoiteanna a dhíriú ar acmhainneachtaí coiteanna táirgeachta cosanta a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin bonn tionsclaíoch an Aontais a chomhdhlúthú, aghaidh a thabhairt ar na riachtanais is criticiúla, idir-inoibritheacht a áirithiú, agus peirspictíocht fhadtéarmach a sholáthar d'iomaíochas thionscal an Aontais. Ba cheart acmhainneachtaí cosanta an Aontais a neartú mar thoradh air sin, lena n-áirítear sna Ballstáit atá i gcomharsanacht dhíreach limistéir chogaidh, agus ba cheart go rachadh sé chun tairbhe do shlándáil shaoránaigh an Aontais.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) I bhfianaise na dinimice slándála atá ag teacht chun cinn go tapa i gcomhthéacs an chogaidh san Úcráin, ba cheart go gceadódh an Ionstraim rannpháirtíocht do thíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht AE, mar shampla an Mholdóiv, i soláthar comhoibríoch cosanta, ós rud é go neartódh a rannpháirtíocht na hacmhainneachtaí cosanta agus go rannchuideodh sé ar deireadh le hullmhacht cosanta na hEorpa.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) In imthosca áirithe, ba cheart a bheith in ann maolú ón bprionsabal nach bhfuil conraitheoirí agus fochonraitheoirí a bhfuil baint acu le soláthar comhoibríoch dá dtugtar tacaíocht ón Ionstraim faoi réir rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe ná eintitis tríú tír neamhchomhlachaithe. Sa chomhthéacs sin, féadfaidh eintiteas dlítheanach atá bunaithe san Aontas nó i dtríú tír chomhlachaithe agus atá á rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas tríú tír neamhchomhlachaithe a bheith rannpháirteach mar chonraitheoir agus mar fhochonraitheoir a bhfuil baint aige leis an soláthar comhoibríoch má ***chomhlíontar*** coinníollacha dochta a bhaineann le leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát, mar a bhunaítear faoi chuimsiú an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), ***lena n-áirítear i dtéarmaí*** Bonn Tionsclaíoch agus | (17) In imthosca áirithe, ba cheart a bheith in ann maolú ón bprionsabal nach bhfuil conraitheoirí agus fochonraitheoirí a bhfuil baint acu le soláthar comhoibríoch dá dtugtar tacaíocht ón Ionstraim faoi réir rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe ná eintitis tríú tír neamhchomhlachaithe. Sa chomhthéacs sin, féadfaidh eintiteas dlítheanach atá bunaithe san Aontas nó i dtríú tír chomhlachaithe agus atá á rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas tríú tír neamhchomhlachaithe a bheith rannpháirteach mar chonraitheoir agus mar fhochonraitheoir a bhfuil baint aige leis an soláthar comhoibríoch má chomhlíontar coinníollacha dochta a bhaineann le leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát, mar a bhunaítear faoi chuimsiú an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). Ba cheart ***an prionsabal*** maidir le bonn tionsclaíoch |

| | |
|---|---|
| Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí a neartú. | agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí a neartú ***a mheas mar thosaíocht sna nósanna imeachta soláthair***. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Thairis sin, áireofar le nósanna imeachta agus conarthaí soláthair chomhoibríoch ceanglas nach mbeidh an táirge cosanta faoi réir rialú nó srianadh ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas tríú tír neamhchomhlachaithe. | (18) Thairis sin, áireofar le nósanna imeachta agus conarthaí soláthair chomhoibríoch ceanglas nach mbeidh an táirge cosanta faoi réir rialú nó srianadh ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas tríú tír neamhchomhlachaithe ***chun bac a chur ar chineál trasnaíocht trí tháirge cosanta.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Féadfaidh deontais faoin Ionstraim a bheith i bhfoirm maoiniú nach bhfuil nasctha le costais atá bunaithe ar thorthaí a bhaint amach faoi threoir pacáistí oibre, garspriocanna nó spriocanna a bhaineann leis an bpróiseas soláthair chomhoibríoch, chun an éifeacht dreasachta is gá a chruthú. | (19) Féadfaidh deontais faoin Ionstraim a bheith i bhfoirm maoiniú nach bhfuil nasctha le costais atá bunaithe ar thorthaí a bhaint amach faoi threoir pacáistí oibre, garspriocanna nó spriocanna a bhaineann leis an bpróiseas soláthair chomhoibríoch, chun an éifeacht dreasachta is gá a chruthú ***ar choinníoll nach ndéanann an tAontas an táirge cosanta é féin a chómhaoiniú, rud a bheadh neamhchomlíontach le bunús dlí na hIonstraime agus leis an dlí príomha***. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) I gcomhréir le hAirteagal 193(2) den Rialachán Airgeadais, féadfar deontas a dhámhachtain le haghaidh gníomhaíocht ar cuireadh tús léi cheana, ar choinníoll gur féidir leis an iarratasóir a léiriú gur gá tús a chur leis an ngníomhaíocht sula síneofar an comhaontú deontais. Mar sin féin, níor cheart tréimhse roimh an dáta a chuirtear an t-iarratas ar dheontas isteach a chumhdach le ranníocaíocht airgeadais, seachas i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo. Ionas nach gcuirfear isteach ar thacaíocht an Aontais, rud a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna an Aontais, ba cheart a bheith in ann foráil a dhéanamh sa chinneadh maoiniúcháin maidir le ranníocaíochtaí airgeadais le haghaidh gníomhaíochtaí lena gcumhdaítear tréimhse ón 24 Feabhra 2022, fiú má cuireadh tús leo sular cuireadh an t-iarratas ar dheontas isteach. | (23) I gcomhréir le hAirteagal 193(2) den Rialachán Airgeadais, féadfar deontas a dhámhachtain le haghaidh gníomhaíocht ar cuireadh tús léi cheana, ar choinníoll gur féidir leis an iarratasóir a léiriú gur gá tús a chur leis an ngníomhaíocht sula síneofar an comhaontú deontais. Mar sin féin, níor cheart tréimhse roimh an dáta a chuirtear an t-iarratas ar dheontas isteach a chumhdach le ranníocaíocht airgeadais, seachas i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo. Ionas nach gcuirfear isteach ar thacaíocht an Aontais, rud a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna an Aontais, ba cheart a bheith in ann foráil a dhéanamh sa chinneadh maoiniúcháin maidir le ranníocaíochtaí airgeadais le haghaidh gníomhaíochtaí lena gcumhdaítear tréimhse ón 24 Feabhra 2022, fiú má cuireadh tús leo sular cuireadh an t-iarratas ar dheontas isteach ***agus fad is féidir a léiriú gur spreagadh an comhar idir na Ballstáit lena mbaineann leis an bhféidearthacht go mbeadh cistiú ón Aontas ann. Is beart eisceachtúil í an aisghníomhaíocht sin a bhfuil údar maith leis de bharr chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus níor cheart í a leathnú chuig cláir eile.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Tá feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 (an ‘Rialachán Airgeadais’) maidir leis an gClár seo. Leagtar síos leis rialacha maidir le cur chun | (24) Tá feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 (an ‘Rialachán Airgeadais’) maidir leis an gClár seo. Leagtar síos leis rialacha ***a bheidh sainithe*** |

| | |
|---|---|
| feidhme bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais. | ***go soiléir*** maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(25a) I gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine faoi láthair, ba cheart aon bhreithniú a bheartú i gcomhthéacs athbhreithniú CAI 2021-2027 maidir le leithreasuithe buiséadacha na hIonstraime seo a threisiú tuilleadh agus síneadh a chur lena ré, bunaithe ar thuairisciú doiciméadaithe ar a ráta cur chun feidhme.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(27a) Ba cheart go mbeadh an doimhniú ar an gcomhar cosanta i measc na mBallstát ar leibhéal an Aontais i réimsí a bhaineann le cosaint ag gabháil le neartú an ghrinnscrúdaithe agus an rialaithe pharlaimintigh ag Parlaimint na hEorpa agus na parlaimintí náisiúnta;*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) iomaíochas agus éifeachtúlacht Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na | (a) iomaíochas agus éifeachtúlacht Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na |

| | |
|---|---|
| Cosanta Eorpaí (EDTIB) a chothú ar mhaithe le hAontas atá níos athléimní, go háirithe trí dhlús a chur, ar bhealach comhoibríoch, le coigeartú an tionscail d’athruithe struchtúracha, lena n-áirítear borradh a chur faoina acmhainneachtaí monaraíochta; | Cosanta Eorpaí (EDTIB) a chothú ar mhaithe le hAontas atá níos athléimní, go háirithe trí dhlús a chur, ar bhealach comhoibríoch, le coigeartú an tionscail d’athruithe struchtúracha, lena n-áirítear borradh a chur faoina acmhainneachtaí monaraíochta ***agus slabhraí soláthair a oscailt ar fud an Aontais***; |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) an comhar a chothú sa phróiseas soláthair cosanta idir na Ballstáit rannpháirteacha a ranchuidíonn leis an dlúthpháirtíocht, leis an idir-inoibritheacht, le cosc a chur ar aon bhrú amach, le hilroinnt a sheachaint agus le héifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí a mhéadú. | (b) an comhar a chothú sa phróiseas soláthair cosanta idir na Ballstáit rannpháirteacha a ranchuidíonn leis an dlúthpháirtíocht, leis an idir-inoibritheacht, le cosc a chur ar aon bhrú amach, le hilroinnt a sheachaint agus le héifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí a mhéadú ***san Aontas agus ina mBallstáit***. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is é EUR 500 milliún i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais chun an Ionstraim a chur chun feidhme le haghaidh na tréimhse ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo go dtí an 31 Nollaig 2024. | 1. Is é EUR 500 milliún i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais chun an Ionstraim a chur chun feidhme le haghaidh na tréimhse ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo go dtí an 31 Nollaig 2024, ***arna tharraingt ó na corrlaigh neamh-leithdháilte faoi uasteorainneacha CAI agus arna slógadh trí ionstraimí speisialta CAI neamhthéamacha, gan chiorruithe ó chláir atá ar bun faoi láthair***. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Ní úsáidfear an méid dá dtagraítear i mír 1 chun an táirge cosanta a chómhaoiniú.*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfar acmhainní arna leithdháileadh ar Bhallstáit faoin mbainistíocht chomhroinnte a aistriú chuig an Ionstraim, ar iarraidh sin ón mBallstát lena mbaineann faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i bhforálacha ábhartha Rialachán na bhForálacha Coiteanna le haghaidh 2021-2027. Cuirfidh an Coimisiún na hacmhainní sin chun feidhme go díreach i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ('an Rialachán Airgeadais'). Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann. | 3. Féadfar acmhainní arna leithdháileadh ar Bhallstáit faoin mbainistíocht chomhroinnte a aistriú chuig an Ionstraim, ar iarraidh sin ón mBallstát lena mbaineann faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i bhforálacha ábhartha Rialachán na bhForálacha Coiteanna le haghaidh 2021-2027. Cuirfidh an Coimisiún na hacmhainní sin chun feidhme go díreach i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ('an Rialachán Airgeadais'). Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann. ***Áireofar na hacmhainní sin de bhreis ar an tsuim dá dtagraítear i mír 1.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 5a*** |
| | ***Socruithe breise soláthair do thíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht AE*** |
| | ***Beidh an Ionstraim oscailte freisin do thíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht AE,*** |

***amhail an Mholdóiv, chun páirt a ghlacadh i soláthar comhoibríoch cosanta, i gcomhar le Ballstát, agus i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo.***

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Leis an gcistiúchán ón Aontas, dreasófar an comhar idir na Ballstáit chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3 a chomhlíonadh. Socrófar an ranníocaíocht airgeadais agus cineál comhoibríoch an tsoláthair chomhoibríoch á chur san áireamh mar aon le méid iomchuí chun an éifeacht dreasachta is gá a chruthú chun comhar a spreagadh. | 2. Leis an gcistiú ón Aontas, dreasófar an comhar idir na Ballstáit ***agus idir na Ballstáit agus na tríú tíortha a luaitear in Airteagal 5 anseo*** chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3 a chomhlíonadh ***agus rannchuideofar le nuachóiriú thionscal cosanta na hEorpa.*** Socrófar an ranníocaíocht airgeadais agus cineál comhoibríoch an tsoláthair chomhoibríoch á chur san áireamh mar aon le méid iomchuí chun an éifeacht dreasachta is gá a chruthú chun comhar a spreagadh. ***Chun éifeachtacht bhuiséadach a ráthú, ní rachaidh ranníocaíocht airgeadais an Aontais ón Ionstraim seo le gach gníomhaíocht thar 20 % de luach measta an chonartha soláthair.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Deontais a chuirfear chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, déanfar iad a dhámhachtain agus a bhainistiú i gcomhréir le Teideal VIII den Rialachán Airgeadais. | 4. Deontais a chuirfear chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, déanfar iad a dhámhachtain agus a bhainistiú ***go críochnúil*** i gcomhréir le Teideal VIII den Rialachán Airgeadais. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 11 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh ***cur chun feidhme***, an clár oibre dá dtagraítear i mír 1. ***Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14 mír 3.*** | 2. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh ***tarmligthe***, ***gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 13a chun an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd*** an gclár oibre dá dtagraítear i mír 1 ***a bhunú***. |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Leagfar amach sa chlár oibre íosmhéid airgeadais na ngníomhaíochtaí comhpháirteacha soláthair ***agus cinnfear*** leis méid táscach na tacaíochta airgeadais le haghaidh gníomhaíochtaí a dhéanann an líon íosta Ballstát dá dtagraítear i bpointe c) d'Airteagal 7, mír 1, ***mar aon le*** dreasachtaí le haghaidh soláthar ar luach níos airde agus chun Ballstáit bhreise nó tíortha comhlachaithe breise a áireamh. | 3. Sa chlár oibre, leagfar amach: |
| | ***(a)*** íosmhéid airgeadais na ngníomhaíochtaí soláthair chomhpháirtigh; |
| | ***(b)*** méid táscach na tacaíochta airgeadais do ghníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an líon íosta Ballstát dá dtagraítear i bpointe c) d'Airteagal 7 mír 1; |
| | ***(c)*** dreasachtaí le haghaidh soláthar ar luach níos airde agus chun Ballstáit bhreise nó tíortha comhlachaithe breise a áireamh; |
| | ***(d) na tosaíochtaí cistiúcháin i gcomhréir leis na riachtanais dá dtagraítear in Airteagal 3, mír 2;*** |
| | ***(e) tuairisc ar ghníomhaíochtaí lena mbaineann comhar maidir le soláthar comhoibríoch;*** |
| | ***(f) luach measta an tsoláthair chomhoibríoch;*** |

| | |
|---|---|
| | ***(g) an nós imeachta maidir le meastóireacht agus roghnú na dtograí;*** |
| | ***(h) Cur síos beacht ar na garspriocanna is gá chun an dul chun cinn i gcur chun feidhme na gníomhaíochta nó na dtorthaí lena mbaineann a thomhas, mar aon leis na méideanna gaolmhara le haghaidh eisíocaíochta;*** |
| | ***(i) na socruithe chun garspriocanna agus próiseas eisíocaíochta a fhíorú le linn chur chun feidhme na gníomhaíochta lena mbaineann.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfidh an tuarascáil le comhairliúcháin leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara tábhachtacha, agus déanfar measúnú inti go háirithe ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 a bhaint amach. | 2. Cuirfidh an tuarascáil le comhairliúcháin leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara tábhachtacha, agus déanfar measúnú inti go háirithe ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 a bhaint amach ***agus a bheith bunaithe ar thacar coiteann príomhtháscairí feidhmíochta. Faoin ... [3 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 13a, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí thacar príomhtháscairí feidhmíochta a leagan síos.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 13a*** |
| | ***An tarmligean a fheidhmiú*** |

***1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.***

***2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 11 agus 12 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse dhá bhliain ón ... [dáta theacht i bhfeidhm].***

***3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 11 agus 12 a chúlghairm tráth ar bith. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta a bheidh sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.***

***4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.***

***5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.***

***6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal(Airteagail) … i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse [dhá mhí] tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl***

***don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú [2 mhí] ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.***

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Lena mbunaítear an Gníomh um thionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibríoch |
| **Tagairtí** | COM(2022)0349 – C9-0287/2022 – 2022/0219(COD) |
| **Coistí freagracha**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AFET ITRE<br>12.9.2022 12.9.2022 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG<br>12.9.2022 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Karlo Ressler<br>13.9.2022 |
| **Riail 55 - Nós imeachta coiste comhlachaithe**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | 19.1.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 9.2.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 28.3.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 33<br>–: 1<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rasmus Andresen, Pietro Bartolo, Olivier Chastel, Andor Deli, Pascal Durand, José Manuel Fernandes, Eider Gardiazabal Rubial, Vlad Gheorghe, Valérie Hayer, Niclas Herbst, Adam Jarubas, Joachim Kuhs, Zbigniew Kuźmiuk, Pierre Larrouturou, Camilla Laureti, Janusz Lewandowski, Margarida Marques, Siegfried Mureşan, Victor Negrescu, Andrey Novakov, Dimitrios Papadimoulis, Karlo Ressler, Bogdan Rzońca, Eleni Stavrou, Nils Torvalds, Nils Ušakovs, Angelika Winzig |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Francisco Guerreiro, Fabienne Keller, Monika Vana |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Karolin Braunsberger-Reinhold, Daniel Caspary, Daniel Freund, Isabel García Muñoz, Andreas Glück |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 33 | + |
|---|---|
| ECR | Zbigniew Kuźmiuk, Bogdan Rzońca |
| NI | Andor Deli |
| PPE | Karolin Braunsberger-Reinhold, Daniel Caspary, José Manuel Fernandes, Niclas Herbst, Adam Jarubas, Janusz Lewandowski, Siegfried Mureşan, Andrey Novakov, Karlo Ressler, Eleni Stavrou, Angelika Winzig |
| Renew | Olivier Chastel, Vlad Gheorghe, Andreas Glück, Valérie Hayer, Fabienne Keller, Nils Torvalds |
| S&D | Pietro Bartolo, Pascal Durand, Isabel García Muñoz, Eider Gardiazabal Rubial, Pierre Larrouturou, Camilla Laureti, Margarida Marques, Victor Negrescu, Nils Ušakovs |
| Verts/ALE | Rasmus Andresen, Daniel Freund, Francisco Guerreiro, Monika Vana |

| 1 | - |
|---|---|
| ID | Joachim Kuhs |

| 1 | 0 |
|---|---|
| The Left | Dimitrios Papadimoulis |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh